# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

11 Iúil 2024 Eagrán 204



Ga gréine sa Spidéal!
Grianghraf: Áine Ní Dhroighneáin

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

## Lá 'l Mhic Dara

Is í an Mháirt, 16 Iúil Lá 'l Mhic Dara, ceann de fhéilte móra dúchasacha Chonamara.

Léifear Aifreann na Féile ar Oileán Mhic Dara ag meán lae, ach an aimsir a bheith in araíocht dar ndóigh! De bharr an brú a bhíonn ar chéibh an Mhása, iarrtar ar dhaoine a bheas ag dul chun an aifrinn carranna a fhágáil i mbaile Charna agus leas a baint as na busanna a bheas ar fáil le dul chun na céibhe ó 9.00 r.n ar aghaidh. ***Ní mór duit seaicéad tarrthála a thabhairt leat le dul ar na báid.***




Beidh Féile Mhic Dara féin ar bun ón Domhnach go dtí an Mháirt.

## Cailíní buacha an cheantair

Comghairdeachas le foireann peile faoi 16 cailíní an Spidéil, ar chlé thíos, a bhuaigh cluiche ceannais na sraithe in aghaidh Bhéal Átha na Sluaighe ar an Satharn seo caite.





Bhí bua iontach freisin ag foireann faoi 14 Chumann Camógaíochta Chois Fharraige, ar dheis thuas, ar an Luan nuair a bhuail siad Cinn Mhara 5-1 in aghaidh 2-3 ar Pháirc an Athar Mhic Suibhne sa Spidéal.

Fágann sé sin go mbeidh siad sa gcluiche ceannais anois.

Imreofar Cluiche Cheannais F14 C in aghaidh Naomh Colmán ar an Satharn 20 Iúil, ionad agus am le socrú fós.

*Go n-éirí go geal libh a chailíní!*

## Agus na fir!

Guíonn muid chuile rath ar pheileadóirí na Gaillimhe in aghaidh Dhún na nGall ar an Domhnach agus tá muid ag tacú go háirid le laochra Chois Fharraige: Liam Ó Conghaile, ó CLG an Spidéil, agus le Cillian Ó Curraoin, ó Mhicheál Breathnach.

*Gaillimh abú!*

## Sarah Purser

Má tharlaíonn go mbeidh tú i mBaile Átha Cliath i rith an tsamhraidh, b'fhiú cuairt a thabhairt ar Dhánlann Hugh Lane ar Chearnóg Parnell. Seoladh an taispeántas MORE POWER TO YOU: Sarah Purser: A Force for Irish Art ann ar an gCéadaoin seo caite.




Is ceiliúradh é seo ar shaol agus ar shaothar Sarah Purser, pearsa fíor-thábhachtach i saol ealaíne na hÉireann ag deireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois. Ba í a bunaigh An Túr Gloine, stiúideo agus ceardlann ealaíne, áit ar déanadh iarracht idéalach ar thraidisiúin ársa na gloine daite a athbheochan in Éirinn. Is ann a dearadh go leor den saothar ealaíne, stáisiúin na croise agus go leor de na fuinneoga áille atá i gCill Éinde sa Spidéal.

Scrúdaíonn an taispeántas ról ilghnéitheach Purser mar ealaíontóir, mar ghníomhaí agus mar bhailitheoir. Cead isteach saor in aisce!

## Na Cluichí Oilimpeacha 7 Cois Fharraige

Cuirfear tús oifigiúil leis na Cluichí Oilimpeacha i bPáras ar an 26 Iúil.




Beidh súil ghéar á choinneáil ag muintir Chois Fharraige ar chúpla duine a bhfuil baint ar leith acu leis an gceantar. Beidh Aifric Keogh as Aill an Phréacháin sna Forbacha in iomaíocht i gcomórtas beirte sa rámhaíocht lena leathbhádóir Fiona Murtagh as Gort an Chalaidh i Maigh Cuillinn. Beidh an chéad rása acu ar an Domhnach 28 Iúil ag 9.30 r.n.

Thug an bheirt seo boinn chré-umha abhaile leo ó na Cluichí Oilimpeacha deireanacha i dTóiceo mar bhaill den fhoireann sna rásaí do cheathrar ach is i gcomórtas beirte a bheas siad ag cluichí na bliana seo. Tá seachtar déag iomróirí ag dul go Páras ar son na hÉireann agus tá breis is 125 lúthcleasaí ar fad ar fhoireann na hÉireann agus iad páirteach in os cionn fiche spóirt éagsúil.




Tá Béibhinn Parsons as Béal Átha an Slua ina measc sin. Beidh sise ag imirt ar fhoireann rugbaí seachtar ban na hÉireann. Is as sráidbhaile an Spidéil don Dr Evelyn Francis máthair Bhéibhinn, agus tá cónaí uirthi féin agus a clann i mBéal Átha na Sluaighe. Thosaigh Béibhinn ag imirt le club rugbaí Bhéal Átha na Sluaighe ar dtús, agus is cuid lárnach d'fhoireann rugbaí Connacht agus na hÉireann anois í. Bhí ábhar ceiliúrtha ag Evelyn í féin le gairid –toghadh mar Chomhairleoir Contae neamhspleách í sna toghcháin áitiúla.

Ar an Domhnach ag 2.30 i.n a bheas a gcéad chluiche acu i gcoinne na Breataine.

*Guíonn muid chuile rath ar fhoireann na hÉireann – agus ar Aifric, Fiona is Béibhinn go háirid!*

## Campa Camógaíochta Chois Fharraige

Cuirfear tús le Campa Camógaíochta Chois Fharraige ar an Luan beag seo, 15 Iúil, 9.30-2.30.




Táthar ag súil le slua mór cailíní ann. Má tá foirm chláraithe agat, tabhair leat é chuig an traenáil maidin Dé Sathairn.

Má tá foirm uait, déan teagmháil le Máirtín 086 408 4033 nó le Martina 087 637 2941.

## Siopa Chumann Sacair Chois Fharraige

"Tá an geimhreadh seo 'tíocht fuar" a deir an t-amhrán. Bhuel, "bí réidh" a deir Cumann Sacair Chois Fharraige!




Faigh geansaí nó seaicéad breá ó Shiopa Chumann Sacair Chois Fharraige le tú a choinneáil te, teolaí tríd an séasúr uilig!


Tá an siopa ar fáil anois ar líne, agus tá rogha breá geansaithe, málaí, hataí agus eile d'fhir, do mhná agus do ghasúir acu.

**Caithfear orduithe a chur isteach roimh an 24 Iúil.**

## Lotto an Spidéil.

Comhghairdeachas le Brian Mac Cathmhaoil a bhuaigh an Pota Óir i Lotto CLG an Spidéil an tseachtain seo caite. €7,400 a thug Brian leis as an tarraingt. Beidh €3,000 sa bPota óir mar thús arís ón tseachtain seo. Is féidir ticéad a cheannach ar líne.

# Drámaíocht




Seó le aisteoir aonair atá sa dráma 40 noiméad seo faoi Éamon Coséadrom, teachtaire de chuid treabh armtha Uí Fhlaithbheartaigh in Iar-Chonnachta in 1256A.D. Beidh sé á léiriú i Seanscoil Sailearna ar an Déardaoin 18 Iúil ag 8.00 i.n.

Théis d'Éamonn a dheartháir a fheiceáil ag fáil bháis agus ruaig curtha orthu ag fórsaí Normannach Walter de Búrca, ritheann Éamon achar maratóin ó Mhaigh Cuilinn go dtí Inis Mhic Ádhaimh, nó an Cheathrú Rua mar is fearr aithne air.

Tá faoi rabhadh a thabhairt dá mhuintir, ach cén chaoi an féidir leis aghaidh a thabhairt orthu? Sa scéal dorcha, casta seo faoi theacht slán, cíortar ceisteanna an choilíneachais agus na féiniúlachta náisiúnta.

Gliogar atá á chur seo i láthair mar chuid de chamchuairt ar Chois Fharraige, Inis Oirr agus Corr na Móna. Tá ticéid €5 an ceann le fáil ag an doras nó ar líne ó Ghliogar.



# An Fear Liath

Tá léiriú de chuid Fibín ar chlár Fhéile Ealaíne na Gaillimhe arís i mbliana.

Is comhfhiontar é an seó seo idir Fíbín sa Taibhdhearc, An Amharclann Náisiúnta Gailíseach / Centro Dramático Galego, agus Tryater as an bhFrioslainn. Is léiriú amuigh faoin aer é, in Abhantrach an Chladaigh le titim na hoíche ar an 25, 26 ⁊ 27 Iúil. Philip Doherty a scríobh agus Fran Nunez a chóirigh agus á léirigh. Beidh fortheidil i mBéarla ann ar an 26 ⁊ 27 Iúil.

Baintear croitheadh as pobal sráidbhaile iascaireachta mar gheall ar thrálaer a cailleadh sa bhfarraige gan mhíniú. Filleann Joan, an iníon is sine abhaile ach, ní fada go mbíonn sí gafa le gréasán ceilge, piseoga agus dúnmharú. Deirtear linn go bhfuil an dráma seo "idir an saol seo nó an saol eile". Is féidir ticéid a chur in áirithe ag Ticketsolve.